

Ciorclán 0009/2017

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Aitheanta idir  
Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus  
Scoileanna Cuimsitheacha mar aon le  
Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO)**

**Caighdeánú na Scoilbhliana i leith Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna do na  
scoilbhlianta 2017/18, 2018/19 agus 2019/20.**

**1. Réamhrá**

Is í is aidhm leis an gciorclán seo ná údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas i dtaobh an chomhaontaithe atá bainte amach idir na páirtithe leis an gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí maidir le caighdeánú sosanna na Nollag, na Cásca agus an lár-téarma sa chéad agus sa dara téarma de na scoilbhlianta 2017/18, 2018/19 agus 2019/20.

**2. Fachtóirí atá curtha san áireamh**

Ag baint comhaontaithe amach dóibh chuir na páirtithe san áireamh roinnt fachtóirí ábhartha:

- An aidhm a bhí acu fadhbanna a sheachaint a fhéadfadh a bheith ann do theaghlaigh de bharr socruithe éagsúla i leith dhúnadh na scoileanna áit a mbíonn páistí ag freastal ar scoileanna difriúla
- An riachtanas go mbeadh scoil ar oscailt ar feadh íosmhéid 167 lá ag an leibhéal iar-bhunscoile agus ar feadh 183 lá ag an leibhéal bunscoile
- Dáta an lae saoire baine i mí an Mheithimh agus, mar thoradh air sin, dáta éifeachtach dheireadh na scoilbhliana agus dáta tosaigh na Scrúduithe Teastais
- an difríocht idir fad na scoilbhliana ag leibhéal na bunscoile agus leibhéal na hiar-bhunscoile agus an poitéinseal atá ann le téarma fada san earnáil bunscoile ag brath ar an dáta ar a dtiteann an Cháisc
- an lá ar a dtiteann an lá saoire baine i mí Dheireadh Fómhair
- gur inmhianta an rud é go mbeadh aga réasúnta ann idir deireadh an chéad téarma agus an Nollaig

- an gá atá ann le soláthar a dhéanamh do shocrúithe teagmhasachta chun déileáil le dúntaí forleathana nó faidreíseacha scoile gan choinne e.g. de bharr na haimsire srl.

### 3. Ginearálta

Cuimsíonn an comhaontú atá bainte amach na socruithe a mbeidh feidhm acu insna scoileanna go léir ó thosach na scoilbhliana 2017/18 agus cuimsíonn sé trí scoilbhliana. Déanfaidh na páirtithe athbhreithniú ar na socruithe tráth nach déanaí ná fómhar na bliana 2019, ar a dhéanaí, d'fhonn comhaontú a bhaint amach faoi na socruithe a mbeidh feidhm acu ina dhiaidh sin agus tá siad tar éis a chomhaontú gur féidir an gnó a ardú ag an gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí sa chás go mbíonn aon deacracht gan choinne ann maidir le feidhmiú na socruithe atá anois comhaontaithe.

Éilítear ar scoileanna a bheith ar oscailt chun glacadh leis na daltaí go léir ar an lá seachtaine díreach roimh agus díreach tar éis gach tréimhse sosa atá cuimsithe ag an gcomhaontú seo.

Tá na socruithe do 2017/18 amach leagtha amach in **Aguisín A** leis an gclár seo.

Sa chiorclán seo tagraíonn “**údarás scoile**” don údarás bainistíochta cuí don scoil i gceist i.e. an BOO cuí i gcás scoileanna BOO agus an bord bainistíochta/bainisteoir i gcás gach scoile eile.

### 4. Socruithe teagmhasachta i gcás dúntaí gan choinne scoileanna

Tá sé aitheanta ag na páirtithe go bhfuil gá breis solúbthachta a chur san áireamh agus gá soláthar a dhéanamh do shocrúithe teagmhasachta laistigh den scoilbhliain chaighdeánaithe chun déileáil le dúntaí scoile gan choinne.

Tá treoir do scoileanna maidir le cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne curtha san áireamh ag **Aguisín B** den chiorclán seo. Leagann an treoir seo cur chuige struchtúrtha amach chun a chinneadh céard iad na bearta a bheidh le cur ar bun chun cúiteamh as am a cailleadh. Forálann an treoir gur ceart, faoi réir ag comhthoil ag an leibhéal áitiúil, aon athruithe is féidir a dhéanamh ar an ngnáthchleachtas chun dul i ngleic leis na heasnamh. I measc na samplaí féideartha de bhealaigh chun a leithéid a bhaint amach tá:

- Tosaíocht a thabhairt do theagasc roimh ghníomhaíochtaí neamh-theagaisc
- Fad na scrúduithe bréige/scrúduithe tí a laghdú áit is féidir
- An cheist a bhreithniú ciacu an ceart tosaíocht a thabhairt d'fhoghlaim sa rangsheomra roimh thurais scoile srl
- I gcás scoileanna dara leibhéal, a chinntiú go bhfreastalaíonn na ranganna scrúduithe ar na ranganna uile go dtí deireadh mhí na Bealtaine.

Más gá, is ceart don údarás scoile aon laethanta lánroghnacha a shainaithint ar a raibh sé ar intinn ag an scoil dúnadh agus a fhéadfaí iad a chur ar fáil chun cúiteamh as an am a cailleadh.

Áit nach meastar gur leor na bearta thuas, is féidir anois, chomh maith, ceann amháin de na socruithe seo a leanas, nó iad araon, a áireamh i measc na socruithe teagmhasachta

a dhéanfaí chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí forleathana nó faidréiseacha scoile gan choinne:

- Is féidir sos lár-téarma na Feabhra a laghdú de suas le trí lá faoi réir ag an gceanglas go ndúnfadh na scoileanna go léir ar Dhéardaoín agus Aoine na seachtaine ina dtiteann an sos seo.
- Is féidir sos na Cásca a laghdú de suas le trí lá ach an scoil a bheith ar oscailt go dtí an Chéadaoín díreach roimh dheireadh seachtaine na Cásca san áireamh. Ní mór do na scoileanna go léir dúnadh ar Déardaoín agus Aoine díreach roimh dheireadh seachtaine na Cásca agus fanacht dúnta ar feadh na coda eile de shos na Cásca mar atá leagtha amach in **Aguisín A** den chiorclán seo.

Ní mór don údarás scoile a chur san áireamh go bhfuil sé riachtanach leorfhógra faoi aon athruithe ar an bhféilire scoile a thabhairt do dhaltaí, tuismitheoirí agus lucht foirne. Tugadh gach údarás scoile féilire do thuismitheoirí ag tosach gach scoilbhliana chomh maith agus sonraí inti faoi dhúntaí scoile. Is ceart a shoiléiriú chomh maith go mb'fhéidir go mbeadh athruithe ar an bhféilire mar chuid de na socruithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.

## **5. Cleachtadh reiligiúnach agus an caighdeánú**

Tá na socruithe thuas gan dochar do dhúnadh ar laethanta sainithe, faoi réir ag an riachtanas foriomlán chun bheith ar oscailt ar feadh íosmhéid de 167 lá ag an leibhéal iar-bhunscoile agus de 183 lá ag an leibhéal bunscoile, de réir chleachtaidh reiligiúnaigh atá riachtanach i scoileanna atá faoi phátrúnacht sainchreideamh nó creideamh éagsúla.

## **6. Méid na solúbthachta taobh amuigh de na sosanna caighdeánaithe**

Ní riachtanas é go mbeadh tosach ná deireadh na scoilbhliana caighdeánaithe ag an mbunleibhéal ná ag an iar-bhunleibhéal. Bíodh is gur ceadaithe do scoileanna, áfach, a gcuid laethanta lánroghnacha a úsáid, áit a bhfuil siad le fáil, chun tosach agus deireadh na scoilbhliana a chinneadh go cruinn, aithnítear go gciallóidh tosach na Scrúduithe Teastais nach mbeidh iar-bhunscoileanna ar oscailt chun teagasc a thabhairt tar éis na hAoine roimh lá saoire baine mhí an Mheithimh i mbliain ar bith. Bítear ag súil go dtosnóidh an scoilbhliain de ghnáth i rith na seachtaine ina dtiteann 1 Meán Fómhair. Is féidir, áfach, tús a chur leis an scoilbhliain an tseachtain roimh an tseachtain ina dtiteann 1 Meán Fómhair i gcúinsí, nuair nach mbeadh sé inoibrithe muna ndeanfaí a leithéid, go mbeadh sé deacair ar an scoil cloí leis an riachtanas foriomlán chun bheith ar oscailt ar feadh íosmhéid 167 lá ag an leibhéal iar-bhunscoile agus 183 lá ag an leibhéal bunscoile agus, ina leithéid de chásanna, ba chóir don scoil a dheimhniú go mbíonn an dáta tosaithe chomh cóngarach agus is féidir do thús Mheán Fómhair. Cuimhníodh scoileanna nach n-áireofar mar lá iomlán scoile lá ar bith a sholáthraíonn scoil níos lú ná lá iomlán teagaisc chun críche na riachtanais fhoriomlána bheith ar oscailt ar feadh íosmhéid 167 lá ag an iar-bhunleibhéal agus 183 lá ag an mbunleibhéal a chomhlíonadh.

Is féidir go bhfágfadh na socruithe roinnt solúbthachta teoranta ag scoileanna ar laethanta áirithe eile seachas na tréimhsí sainithe. Ní ceart sceidealú laethanta dá leithéid a úsáid chun na tréimhsí atá leagtha amach thuas a fhadú nó a athrú i leith

sosanna an lár-téarma, na Nollag agus na Cásca ach amháin nuair is gá sin de bharr riachtanas cleachtaidh reiligiúnaigh scoile faoi phátrúnacht ar leith.

## **7. Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) agus Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Bhóthar Haddington/Lansdún)**

Rinne Comhaontaithe na Seirbhíse Poiblí soláthar do bhreis ama de uair amháin in aghaidh na seachtaine. Má chomhiomlánaítear uaire ar bith de na huaire seo ina laethanta iomlána scoile (faoi réir ag comhthoil lucht foirne na scoile) éileofar ar an bhfoireann teagaisc bheith i láthair ar laethanta eile seachas na 183 agus 167 lá teagaisc a éilítear ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile faoi seach. Forálann Ciorclán 0008/2011 go bhfuil comhiomlánú uaire ina laethanta iomlána ag an mbunleibhéal faoi réir ag an gcoinníoll nach ndéanfar ach coibhéis dhá lá iomlána, ar a mhéid, a chomhiomlánú.

Níl scoileanna coiscithe de bharr na socrúithe teagmhasachta do shos lár-téarma na Feabhra agus sos na Cásca ó laethanta ar bith de na laethanta seo a shainaitheint chun críche uaire a chomhiomlánú. Is ceart do scoileanna, áfach, a chinntiú gur féidir malairt socraithe a chur i bhfeidhm chun na huaire comhiomlánaithe a úsáid má bhíonn gá le hathruithe ina dhiaidh sin mar chuid de na socrúithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.

## **8. Fiafruithe faoin gciorclán seo**

Is ceart fiafruithe faoin gciorclán seo a chur sa ríomhphost chuig:

[schoolgovernance@education.gov.ie](mailto:schoolgovernance@education.gov.ie)

## **9. Scaipeadh an chiorcláin**

Is ceart cóip den chiorclán seo a sholáthar do bhaill den bhord bainistíochta agus do lucht foirne na scoile. Is ceart freisin cóip a sholáthar do chumann na dtuismitheoirí. Is féidir an chiorclán seo (leagan Béarla agus leagan Gaeilge) a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag [www.education.ie](http://www.education.ie).

Paraic Joyce  
Príomhoifigeach  
Rannóg Rialachais na Scoileanna

Feabhra 2017

## **Aguisín A: Scoilbhlianta caighdeánaithe 2017/18 ar aghaidh**

Is iad seo a leanas na socruithe comhaontaithe i leith caighdeánú shosanna na Nollag, na Cásca agus an lár-téarma sa chéad agus sa dara téarma de na scoilbhlianta 2017/18, 2018/19 agus 2019/20:

### **Scoilbhliain 2017/18**

#### **Sos lár-téarma Dheireadh Fómhair 2017**

Dúnfar na scoileanna uile ón **Luan, 30 Deireadh Fómhair 2017, go dtí an Aoine, 3 Samhain 2017**, san áireamh.

#### **Nollaig 2017**

Dúnfar na scoileanna uile ón **Aoine, 22 Nollaig 2017**, lá a bheidh mar lá deiridh an téarma scoile.

Osclófar na scoileanna uile arís ar **an Luan, 8 Eanáir 2018**.

#### **Sos lár-téarma na Feabhra 2018**

Dúnfar na bunscoileanna uile ar **an Déardaoin, 15 Feabhra 2018, agus ar an Aoine, 16 Feabhra 2018**. (Is ceadaithe do bhunscoileanna 3 lá lánroghnacha a úsáid chun an sos seo a fhadú mar mhalairt rogha go dtí sos 5 lá don tréimhse ón **Luan, 12 Feabhra 2018, go dtí an Aoine, 16 Feabhra 2018**, san áireamh mura bhfuil gá le socruithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.)

Dúnfar iar-bhunscoileanna ón **Luan, 12 Feabhra 2018, go dtí an Aoine, 16 Feabhra 2018**, san áireamh mura bhfuil gá le socruithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.

Áit a bhfuil gá le socruithe teagmhasachta is ceadaithe d'údarás scoile fad shos lár-téarma na Feabhra a laghdú trí fhanacht ar oscailt suas go dtí an **Chéadaoin, 14 Feabhra 2018**, an lá sin san áireamh.

#### **Cáisc 2018**

Dúnfar na scoileanna uile ar an **Aoine, 23 Márta 2018**, a bheidh mar lá deiridh an téarma scoile mura bhfuil gá le hathruithe chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne. Áit a bhfuil gá le socruithe teagmhasachta is ceadaithe d'údarás scoile fad shos na Cásca a laghdú trí fhanacht ar oscailt suas go dtí an **Chéadaoin, 28 Márta 2018**, an lá sin san áireamh.

Osclófar na scoileanna uile arís ar **an Luan, 9 Aibreán 2018**.

**Sos lár-téarma Dheireadh Fómhair 2018**

Dúnfar na scoileanna uile ón **Luan, 29 Deireadh Fómhair 2018, go dtí an Aoine, 2 Samhain 2018**, san áireamh.

**Nollaig 2018**

Dúnfar na scoileanna uile ar an **Aoine, 21 Nollaig 2018**, a bheidh mar lá deiridh an téarma scoile.

Osclófar na scoileanna uile arís ar an **Luan, 7 Eanáir 2019**.

**Sos lár-téarma na Feabhra 2019**

Dúnfar na bunscoileanna uile ar an **Déardaoin, 21 Feabhra 2019, agus ar an Aoine, 22 Feabhra 2019**. (Is ceadaithe do bhunscoileanna 3 lá lánroghnacha a úsáid chun an sos seo a fhadú mar mhalairt rogha go dtí sos 5 lá don tréimhse ón **Luan, 18 Feabhra 2019, go dtí an Aoine, 22 Feabhra 2019**, san áireamh mura bhfuil gá le socruithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.)

Dúnfar iar-bhunscoileanna ón **Luan, 18 Feabhra 2019, go dtí an Aoine, 22 Feabhra 2019**, san áireamh mura bhfuil gá le socruithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.

Áit a bhfuil gá le socruithe teagmhasachta is ceadaithe d'údarás scoile fad shos lár-téarma na Feabhra a laghdú trí fhanacht ar oscailt suas go dtí an **Chéadaoin, 20 Feabhra 2019**, an lá sin san áireamh.

**Cáisc 2019**

Dúnfar na scoileanna uile ar an **Aoine, 12 Aibreán 2019**, a bheidh mar lá deiridh an téarma scoile mura bhfuil gá le hathruithe chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne. Áit a bhfuil gá le socruithe teagmhasachta is ceadaithe d'údarás scoile fad shos na Cásca a laghdú trí fhanacht ar oscailt suas go dtí an **Chéadaoin, 17 Aibreán 2019**, an lá sin san áireamh.

Osclófar na scoileanna uile arís ar an **Luan, 29 Aibreán 2019**.

**Sos lár-téarma Dheireadh Fómhair 2019**

Dúnfar na scoileanna uile ón **Luan, 28 Deireadh Fómhair 2019, go dtí an Aoine, 1 Samhain 2019**, san áireamh.

**Nollaig 2019**

Dúnfar na scoileanna uile ar an **Aoine, 20 Nollaig 2019**, a bheidh mar lá deiridh an téarma scoile.

Osclófar na scoileanna uile arís ar an **Luan, 6 Eanáir 2020**.

**Sos lár-téarma na Feabhra 2020**

Dúnfar na bunscoileanna uile ar an **Déardaoin, 20 Feabhra 2020, agus ar an Aoine, 21 Feabhra 2020**. (Is ceadaithe do bhunscoileanna 3 lá lánroghnacha a úsáid chun an sos seo a fhadú mar mhalairt rogha go dtí sos 5 lá don tréimhse ón **Luan, 17 Feabhra 2020, go dtí an Aoine, 21 Feabhra 2020**, san áireamh mura bhfuil gá le socruithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.)

Dúnfar iar-bhunscoileanna ón **Luan, 17 Feabhra 2020, go dtí an Aoine, 21 Feabhra 2020**, san áireamh mura bhfuil gá le socruithe teagmhasachta chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne.

Áit a bhfuil gá le socruithe teagmhasachta is ceadaithe d'údarás scoile fad shos lár-téarma na Feabhra a laghdú trí fhanacht ar oscailt suas go dtí **an Chéadaoin, 19 Feabhra 2020**, an lá sin san áireamh.

**Cáisc 2020**

Dúnfar na scoileanna uile ar **an Aoine, 3 Aibreán 2020**, a bheidh mar lá deiridh an téarma scoile mura bhfuil gá le hathruithe chun cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne. Áit a bhfuil gá le socruithe teagmhasachta is ceadaithe d'údarás scoile fad shos na Cásca a laghdú trí fhanacht ar oscailt suas go dtí **an Chéadaoin, 8 Aibreán 2020**, an lá sin san áireamh.

Osclófar na scoileanna uile arís ar **an Luan, 20 Aibreán 2020**.

## **Aguisín B: Treoir do scoileanna maidir le cúiteamh as am a cailleadh de bharr dúntaí scoile gan choinne**

1. Is ceart don údarás scoile, ar dtús, an líon dúntaí scoile atá tarlaithe a mheas.
2. Is ceart don údarás scoile toradh chailliúint an teagaisc a mheas agus easnaimh ar bith atá tarlaithe de bharr na ndúntaí gan choinne a shainaithint i gcomhairle leis an bPríomhoide agus leis na múinteoirí.
3. Is ceart don údarás scoile dul i gcomhairle leis an bPríomhoide agus leis na múinteoirí féachaint lena chinntiú gur féidir an curaclam do gach grúpa ranga/bliana a chríochnú roimh dheireadh na bliana. Faoi réir ag comhthoil ag an leibhéal áitiúil, is ceart aon athruithe is féidir a dhéanamh ar an ngnáthchleachtas chun éascú le hobair den saghas sin. I measc na samplaí féideartha de bhealaí chun a leithéid a bhaint amach, agus níl an liosta seo uileghabhálach, tá:
  - Tosaíocht a thabhairt do theagasc roimh ghníomhaíochtaí neamh-theagaisc
  - Fad na scrúduithe bréige/scrúduithe tí a laghdú áit is féidir
  - An cheist a bhreithniú ciacu an ceart tosaíocht a thabhairt d'fhoghlaim sa rangsheomra roimh thurais scoile srl
  - I gcás scoileanna dara leibhéal, a chinntiú go bhfreastalaíonn na ranganna scrúdaithe ar nranga anna uile go dtí deireadh mhí na Bealtaine.
4. Más gá, is ceart don údarás scoile féilire na scoile a athbhreithniú féachaint le feidhm a bhaint as aon laethanta lánroghnacha ar a raibh sé ar intinn ag an scoil dúnadh, d'fhonn cúiteamh as an gcailliúint. Ina leith seo, is ceart don údarás scoile a chur san áireamh gur gá leorfógra faoi aon athruithe ar an bhféilire scoile a thabhairt do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do lucht foirne.



5. I gcásanna ina bhfuil dúntaí fairsinge nó faidréiseacha scoile dulta i gcion ar scoil agus ina measann an t-údarás scoile nach leor na bearta thuas chun cúiteamh as an gcailliúint teagaisc i gceist, is féidir leis an údarás scoile, tar éis dó a fháil amach céard iad na socruithe iompar scoile a bheidh le fáil má bhíonn scoileanna eile dúnta, cinneadh ar na socruithe teagmhasachta seo a leanas a chur i bhfeidhm:
- Is féidir sos lár-téarma na Feabhra a laghdú de suas le trí lá faoi réir ag an gceanglas ar na scoileanna uile dúnadh ar Dhiardaoin agus Aoine na seachtaine ina dtiteann an sos seo.
  - Is féidir sos na Cásca a laghdú de suas le trí lá ach an scoil a fhanacht ar oscailt go dtí an Céadaoin díreach roimh dheireadh seachtaine na Cásca san áireamh. Ní mór na scoileanna go léir a dhúnadh ar an Déardaoin agus an Aoine díreach roimh dheireadh seachtaine na Cásca agus fhanacht dúnta ar feadh na coda eile de shos na Cásca mar atá leagtha amach in **Aguisín A** den chiorclán seo.
6. Is ceart don údarás scoile machnamh ar impleachtaí beart ar bith a bheidh sainaitheanta do dhaltaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus baill eile foirne agus do dhaoine eile freisin ar nós foireann iompair scoile, treoraithe bus, maoir tráchta, cuairteoirí sa scoil srl.
7. Is ceart don údarás scoile dul i gcomhairle agus i gcumarsáid le pobal na scoile a luaithe is féidir maidir leis an ngnó seo.